An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of Education
and Youth

# Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide san Earnáil Scoile 2025

# Clár na nÁbhar

Comhthéacs

1 Spriocanna Foriomlána na hEarnála Scoile

2 Ár bPobail Scoile

3 Modh Oibre na Scoileanna

4 Foirgnimh Scoile

5 Ag Taisteal chun na Scoile

# Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide san Earnáil Scoile 2025

## Comhthéacs

Tacaíonn an Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide san Earnáil Phoiblí, a foilsíodh mar chuid den Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2025, le comhlachtaí na hearnála poiblí a bheith i gceannas ar ghníomhú ar son na haeráide. Is é is aidhm leis ná gníomhú ar son na haeráide riachtanach a spreagadh sa tsochaí níos leithne chun astaíochtaí gás ceaptha teasa (GHG) a bhaineann le fuinneamh na hÉireann a laghdú 51% faoi 2030 agus neodracht a bhaint amach faoi 2050.

Ní chuimsíonn an Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide san Earnáil Phoiblí an earnáil scoile, a bhfuil a Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide féin ag an Earnáil Scoile ina ionad sin, rud a léiríonn ar an mbealach is fearr na deiseanna agus na srianta ar leith i scoileanna agus a fhéachann freisin leis an ualach atá ar scoileanna a íoslaghdú nuair is féidir.

Aithníonn an Sainordú seo don Earnáil Scoile an difríocht idir comhlachtaí móra poiblí agus earnáil na scoile agus an ról ar leith atá ag scoileanna i réimsí an Oideachais don Fhorbairt Inbhuanaithe agus na gníomhaíochta ar son na haeráide.

Foilsíodh an chéad Sainordú don Earnáil Scoile i mí an Mhárta 2023. Tá sé nuashonraithe anois chun prionsabail Shainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí 2025 a léiriú.

## 1. Spriocanna Foriomlána na hEarnála Scoile

Mar chuid de spriocanna na hearnála poiblí, astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le fuinneamh a laghdú faoi 51% faoi 2030 agus éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil scoile i gcoitinne a fheabhsú faoi 50% faoi 2030. Beidh an obair seo treoraithe ag na straitéisí atá leagtha amach sa Treochlár im Ghníomhú ar son na hAeráide don Earnáil Scoile, a foilsíodh den chéad uair i mí Iúil 2023 agus a dhéanfar a nuashonrú go bliantúil. Tá an Plean ar fáil anseo.

## 2. Ár bPobail Scoile

- Inbhuanaitheacht a áireamh agus a chur chun cinn nuair is féidir mar chuid de cheannaireacht na scoile. Tá traidisiún agus cleachtas láidir ann maidir leis an gceannaireacht agus an comhordú seo i scoileanna agus mar shampla, tá rannpháirtíocht fhorleathan i gClár na mBrataí Uaine ann.

- Aitheantas a thabhairt do dhaoine óga mar rannpháirtithe lárnacha inár dtodhchaí inbhuanaithe, chun a chinntiú go gcuirtear san áireamh go bríoch iad i ndearadh, i seachadadh agus i monatóireacht beartas agus clár. Deiseanna a sholáthar faoi Ghníomh 4.1.a ESD go 2030 go trí phróisis rannpháirtíochta scoláirí do ghuth na scoláirí, lena n-áirítear tríd an scáthchomhlacht náisiúnta do chomhairlí scoláirí dara leibhéal in Éirinn, Aontas Mac Léinn Dara Leibhéal na hÉireann (ISSU). Ag leibhéal

na scoile, a chinntiú go bhfuil deis iomlán ann guth na scoláirí a chur san áireamh trí chomhairlí scoláirí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna araon.

- Glac páirt tríd an gClár Fuinnimh san Oideachas chun rochtain a fháil ar na deiseanna comhairle agus meantóireachta atá forbartha ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) agus ag an Roinn Oideachais. Cabhróidh sé seo le rannpháirtíocht chuí i ngníomhú ar son na haeráide a chothú maidir le saincheisteanna aeráide agus an cumas chun lorg carbóin na scoile a laghdú.

## 3. Modh Oibre na Scoileanna

*Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (ESD):*

Leanúint de theagasc agus foghlaim Oideachais don Fhorbairt Inbhuanaithe a chur chun cinn agus a éascú de réir mar is iomchuí tríd an méid seo a leanas:

- feasacht a mhúscailt agus forbairt inbhuanaithe agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDG) a chur chun cinn, lena n-áirítear Sprioc 13 - téamaí um Ghníomhú ar son na hAeráide trí raon ábhar curaclaim

- páirt a ghlacadh i gcláir agus i ngníomhaíochtaí Oideachais don Fhorbairt Inbhuanaithe (mar shampla; ECO UNESCO, Scoileanna Domhanda WorldWise, an Clár Take 1) Tá tuilleadh eolais faoi chláir agus acmhainní ESD ar fáil ag Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe – Scoilnet.

- machnamh a dhéanamh, nuair is féidir, ar an gcaoi a bhféadfaí gnéithe de na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe a chomhtháthú i saol na scoile, mar shampla, dramhaíl bia, bithéagsúlacht, tomhaltas uisce, athchúrsáil, athúsáid, siúl agus rothaíocht etc.

- leanúint de bheith páirteach i gcláir atá ar fáil amhail Scoileanna Glasa a sholáthraíonn tacaíochtaí an-phraiticiúla chun clár oibre na gníomhaíochta aeráide a chur chun cinn.

- foireann na scoile a spreagadh agus a chumasú chun páirt a ghlacadh i bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach a bhaineann le ESD: Liosta FGL ESD

Cláraigh don Nuachtlitir ESD: Nuachtlitir Oideachais don Fhorbairt Inbhuanaithe. Déanfaidh an Roinn Oideachais iniúchadh ar bhealaí eile chun cumarsáid a dhéanamh, feasacht agus rannpháirtíocht bhreise a spreagadh i réimse leathan gníomhaíochtaí atá ar siúl in earnáil na scoileanna chun tacú le gníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe, agus chun iad a chur chun cinn.

Ráiteas Beartais Inbhuanaitheachta a ghlacadh trí úsáid a bhaint as an Tacar Uirlisí Inbhuanaitheachta do Scoileanna atá ar fáil ar an leathanach gréasáin ESD: Tacar Uirlisí Inbhuanaitheachta do Scoileanna.

*Acmhainní a Bhainistiú agus Deireadh a Chur le Dramhaíl:*

- A bheith mar aidhm go mbeidh 10% ar a laghad de luach (€) an bhia a lorgaítear faoi shocruithe conartha nua (lena n-áirítear trí chonraitheoirí amhail soláthraithe seirbhísí bialainne), deimhnithe orgánach i ngach ceann de na catagóirí seo a leanas: Gránaigh, Mairteoil, Uaineoil, Muiceoil, Éanlaith Chlóis, Iasc Úr, Glasraí agus Táirgí Déiríochta Úra, nuair is féidir.

- Tomhas agus monatóireacht a dhéanamh ar thomhaltas páipéir. I gcás ina gcaithfear páipéar oifige a fháil le haghaidh priontála agus fótachóipeála, iarracht a dhéanamh 100% den pháipéar a athchúrsáil. Scrúdóidh an Roinn freisin, más féidir, digitiú a dhéanamh ar phróisis pháipéarbhunaithe na Roinne.

- A chinntiú go n-áireofar i ngach conradh nua a bhaineann le seirbhísí bia bearta atá dírithe ar dhramhaíl bia a réiteach, agus béim ar leith ar chosc dramhaíola bia agus ar dheighilt dramhaíola bia. Tugann an tAonad Soláthair Scoileanna comhairle agus tacaíocht do scoileanna maidir leis an bpróiseas soláthair don chlár na mBéilí Te Scoile. Tá tagairt do fhreagrachtaí na soláthraithe maidir le cur amú bia i measc na ndoiciméad teimpléid ar shuíomh gréasáin an SPU.

- Deireadh a chur le míreanna aon úsáide laistigh den scoil agus ag imeachtaí a eagraíonn an scoil nuair is féidir.

- Seirbhísí bailithe dramhaíola conartha atá scartha i dtrí shruth ar a laghad – dramhaíl iarmharach/ghinearálta, dramhaíl athchúrsála agus dramhaíl orgánach/bhithdhramhaíl nuair is féidir.

*Trealamh TFC*

- É a bheith mar aidhm go mbeidh 80% ar a laghad de tháirgí úsáideoirí deiridh TFC (ríomhairí deisce, ríomhairí iniompartha agus fóin phóca) a fhaightear faoi shocruithe conartha nua deimhnithe de réir Chaighdeán Óir EPEAT (nó a chomhionann), Deimhnithe TCO (nó a chomhionann) nó go mbeidh siad athmhonaraithe.

*Soláthar*

- Soláthar Poiblí Glas (GPP) a chur i bhfeidhm. Féachaint ar Threoir agus critéir Soláthair Phoiblí Ghlais an GCC / Critéir Soláthair Phoiblí Ghlais ar líne na hOifige Soláthair Rialtais mar acmhainní.

- I ngach tairiscint phoiblí maidir le soláthar táirgí a bhaineann le fuinneamh, trealamh téimh, nó soilsiú laistigh agus lasmuigh, ceanglas a bheith orthu go sonróidh tairgeoirí moltaí agus roghanna don táirge, nuair a thiocfaidh deireadh a shaoil ar an táirge nó ar chomhpháirteanna an táirge, a chuireann inbhuanaitheacht chomhshaoil san áireamh, lena n-áirítear roghanna maidir

le hathúsáid, deisiúchán agus athchúrsáil. Cloí le I.R. 626 de 2016 chun táirgí cláraithe Triple E nó a gcomhionann a fháil.

- I ngach tairiscint le haghaidh soláthar poiblí seirbhísí glantacháin taobh istigh, ceanglas a bheith orthu go sonróidh tairgeoirí an oiliúint a chuirfear i bhfeidhm chun a chinntiú go mbeidh an t-eolas agus na scileanna ag an bhfoireann uile atá bainteach le seachadadh an chonartha chun modhanna glantacháin a chur i bhfeidhm, rud a laghdóidh tionchar na seirbhísí ar an gcomhshaol.

- Feithiclí – Tabharfar tús áite do sholáthar (ceannach nó léasú) feithiclí astaíochtaí nialasacha amháin, chun feithiclí iompair glana atá tíosach ar fhuinneamh a chur chun cinn. Mar sin féin, tá feidhm ag eisceachtaí áirithe i gcás ina bhfuil an fheithicil díolmhaithe faoin Treoir maidir le Feithiclí Glana.

## 4. Foirgnimh Scoile

- Ba chóir do scoileanna an ceanglas bliantúil Monatóireachta agus Tuairiscithe fuinnimh a chomhlánú don SEAI: [Monatóireacht agus Tuairisciú do Scoileanna.]

- Is féidir le scoileanna leas a bhaint as laghdú a dhéanamh ar a n-úsáid trí thacú le héifeachtúlacht agus bainistíocht fuinnimh ina bhfoirgnimh (rialuithe téimh etc.), rud a fhágann go mbeidh billí fuinnimh níos ísle agus níos lú $CO_2$ ann. [Bainistíocht Fuinnimh do Scoileanna | Fuinneamh Pobail | SEAI]

- Cinnteoidh an Roinn go dtacaíonn a treoirlínte maidir le dearadh scoileanna le socruithe taistil ghníomhacha, lena n-áirítear páirceáil rothair shábháilte agus inrochtana a sholáthar.

- Ní dhéanfaidh earnáil na scoile, faoi stiúir agus faoi threoir ón Aonad Pleanála agus Foirgníochta, ach córais téimh in-athnuaite a shuiteáil i bhfoirgnimh scoile, ach amháin i gcás ina bhfuil feidhm ag ceann de na heisceachtaí seo a leanas:

    - cuirtear úsáid breosla iontaise ar fáil chun críocha cúltaca, buaicthháirgthe, nó oibríochtúla (agus is ionann é agus níos lú ná 10% den fhuinneamh téimh bliantúil)

    - ní sholáthraítear úsáid breoslaí iontaise ach mar chuid de straitéis dícharbónaithe agus chun tacú le córas téimh in-athnuaite a uasmhéadaíonn acmhainn an bhonneagair leictrigh atá ann cheana féin don scoil (scoileanna atá ann cheana féin amháin).

    - i gcás ina bhfuil gá le hathsholáthar téimh breosla iontaise atá ann cheana féin chun críche cothabhála éigeandála

- Is straitéis ríthábhachtach faoi Threochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide san Earnáil Scoile de chuid na Roinne é an Clár Pathfinder um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Dícharbónú. Leis an gClár, atá comhmhaoinithe ag SEAI, is

féidir teicneolaíochtaí agus cineálacha éagsúla athchóirithe a thástáil i gcomhthéacs scoile chun eolas a chur ar fáil do straitéisí infheistíochta amach anseo.

- Leanfaidh an Roinn ag iarraidh ar fhoirne Dearaidh fianaise a chur isteach ar na cleachtais is fearr maidir le cur chuige dearaidh bainistíochta carbóin i gcás foirgnimh nua agus cloí lena treoir fhoilsithe SDG 02 TN04 Treoirlínte Dearaidh Coincréite Ísealcharbóin Nóta Teicniúil 04 maidir le limistéar an charbóin ionchorpraithe i ndáil le húsáid coincréite i scoileanna nua.

- Leanfaidh an Roinn ag iarraidh go gcloífear leis na treoirlínte dea-chleachtais maidir le hullmhú Pleananna Bainistíochta Acmhainní agus Dramhaíola do scoileanna nua.

## 5. Ag Taisteal chun na Scoile

- Taisteal inbhuanaithe agus gníomhach a chur chun cinn laistigh de phobal na scoile.

- Smaoineamh ar rannpháirtíocht sa Chlár Bealaí Sábháilte chun na Scoile a seoladh i mí an Mhárta 2021 leis an aidhm tacú le siúl, dul ar scútar agus rothaíocht chuig bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, agus bealaí siúil agus rothaíochta níos sábháilte a chruthú laistigh de phobail Bealaí Sábháilte chun na Scoile (SRTS)

- Tá athbhreithniú ar an Scéim Iompair Scoile curtha i gcrích ag an Roinn Oideachais le déanaí. Foilsíodh Iompar Scoile 2030 i R1 2024. Rinneadh an t-athbhreithniú d'fhonn scrúdú a dhéanamh ar an scéim reatha agus ar an gcaoi a n-oibríonn sí, ar a héifeachtacht agus a hinbhuanaitheacht i gcoitinne agus a chinntiú go dtacaíonn sí go leordhóthanach le soláthar seirbhísí do scoláirí agus dá dteaghlaigh. Mhol *Iompar Scoile 2030* rochtain ar an scéim a leathnú ionas gur féidir 100,000 dalta breise a iompar faoi 2030 agus aithníodh ann an cumas a bhaineann leis an scéim, mar aon le siúl agus rothaíocht, chun astaíochtaí carbóin a laghdú trí líon na ndaltaí a bhíonn á dtiomáint ar scoil a laghdú. Chuir *Iompar Scoile 2030* leis na gealltanais laistigh den Chlár Rialtais a bhaineann le hiompar scoile, lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh ar roghanna chun turais charranna a laghdú agus measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh Scéim Iompair Scoile leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhar leis an gClár Bealaí Sábháilte chun na Scoile.

- Cé gur comhaontaíodh go dtiocfaidh seirbhísí Scéim Iompair Scoile faoin earnáil iompair i ndáil le bearta laghdaithe astaíochtaí seachas faoin earnáil oideachais, ba cheart a thabhairt faoi deara go leanfaidh an Roinn ag obair le pobail scoile chun taisteal gníomhach agus inbhuanaithe a chur chun cinn.